2025/2420

28.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2420 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 18 Samhain 2025

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2024/3127 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2025 (BCE/2024/38) *(BCE/2025/38)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.

(2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2025 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2025 i gCinneadh (AE) 2024/3127 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/38). ([2])

(3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhír ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.

(4) An 14 Deireadh Fómhair 2025, fuair BCE iarraidh ó Národna banka Slovenska thar ceann na Slóvaice líon na mbonn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht a fhéadfaidh an tSlóvaic a eisiúint in 2025 a mhéadú de mhéid breise EUR 2,0 milliún, ó EUR 20,0 milliún go EUR 22,0 milliún. Tá dhá chúis leis an iarraidh seo. Ar an gcéad dul síos, tá méadú leanúnach tagtha ar ghlaneisiúint bonn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ó thús 2025, go háirithe sna hainmníochtaí níos airde. Ar an dara dul síos, tá coinne le méadú breise a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an méid formheasta d'eisiúint bonn le haghaidh 2025 a shárú roimh dheireadh na bliana.

(5) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2024/3127 (BCE/2024/38) a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2332/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2024/3127 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Samhain 2024 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2025 (BCE/2024/38) (IO L, 2024/3127, 13.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3127/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Leasaítear Cinneadh (AE) 2024/3127 (BCE/2024/38) mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an tSlóvaic:

‘An tSlóvaic	22,00	3,00	25,00’;

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró dar teideal ‘Iomlán’:

‘Iomlán	**1 725,37**	**443,05**	**2 168,42’.**

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 3

Seolaithe

Tá an Cinneadh seo dírithe ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 18 Samhain 2025

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE